Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**10579/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0169 (NLE)**

**PI 129**
**AGRI 291**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 318 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh i dTionól Aontas Speisialta Liospóin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 318 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 318 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.6.2025
COM(2025) 318 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh i dTionól Aontas Speisialta Liospóin**

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**NA LEASUITHE ATÁ BEARTAITHE**
**a ghabhann leis na**
**Comhrialacháin faoi Chomhaontú Liospóin maidir le Sonrúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus maidir lena gClárú go hIdirnáisiúnta agus Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha**

mar a mhol Meitheal EDMI um Chóras Liospóin a Fhorbairt lena ghlacadh ag Aontas Liospóin faoi chuimsiú Thionóil Ghinearálta EDMI 2025:

1) Sa cheannteideal, cuirtear 'mar atá i bhfeidhm an 1 Iúil, 2026' in ionad 'mar atá i bhfeidhm an 8 Nollaig, 2021'.

2) I Riail 1(1) (Nathanna Giorraithe), cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír (vi):

'Ciallaíonn "Foirm Oifigiúil" foirm arna tarraingt suas ag an mBiúró Idirnáisiúnta nó ag comhéadan leictreonach a chuireann an Biúró Idirnáisiúnta ar fáil ar shuíomh gréasáin na hEagraíochta,'

3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Riail 8 (9) (Athrú ar Mhéid na dTáillí):

'(a) I gcás ina ndéantar méid na dtáillí is iníoctha i leith iarratas dá dtagraítear i Riail 5(2)(c) a athrú idir an dáta a comhdaíodh an t-iarratas agus dáta na híocaíochta, beidh feidhm ag an táille a bhí bailí ar an gcéad dáta.

(b) I gcás ina ndéantar méid na dtáillí is iníoctha i leith iarraidh ar iontráil modhnaithe dá dtagraítear i Riail 15(2)(a) a athrú idir an dáta a tíolacadh an iarraidh agus dáta na híocaíochta, beidh feidhm ag an táille a bhí bailí ar an gcéad dáta.

(c) I gcás ina ndéantar méid na dtáillí atá le híoc i ndáil le modhnú nó mar tháille aonair, sa chás dá dtagraítear i Riail 7(4)(a) agus (d), a athrú idir dáta theacht i bhfeidhm Ionstraim na Ginéive i ndáil le Stát is páirtí in Acht 1967 agus dáta na híocaíochta, beidh feidhm ag an táille a bhí bailí ar an gcéad dáta.

(d) I gcás ina n-athraítear méid aon táille seachas na táillí dá dtagraítear i bhfomhíreanna (a), (b) agus (c), beidh feidhm ag an méid a bhí bailí ar an dáta a fuair an Biúró Idirnáisiúnta an táille.'

4) I Riail 15, mír (1) (Modhnuithe Incheadaithe), cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

'(vii) modhnú a bhaineann leis an ainmniúchán tionscnaimh nó leis an tásc geografach;

(viii) modhnú a bhaineann leis an earra nó leis na hearraí lena mbaineann an t-ainmniúchán tionscnaimh nó an tásc geografach;

(ix) modhnú a bhaineann leis na sonraí dá dtagraítear i Riail 5(3)(a) nó an fhaisnéis dá dtagraítear i Riail 5(6)(a)(vi).'

5) I Riail 15, cuirtear an mhír nua (5) seo a leanas isteach:

'(5) (a) I gcás ina mbaineann an modhnú leis an ainmniúchán tionscnaimh nó leis an tásc geografach, nó leis an earra nó leis na hearraí lena mbaineann an t-ainmniúchán tionscnaimh nó an tásc geografach, tá sé de cheart ag Údarás Inniúil Páirtí Chonarthaigh a dhearbhú nach féidir leis cosaint an ainmniúcháin tionscnaimh nó an táisc gheografaigh a áirithiú de dheasca an mhodhnaithe. Díreoidh an tÚdarás Inniúil sin an dearbhú chuig an mBiúró Idirnáisiúnta laistigh de thréimhse 1 bhliana ón dáta a gheobhaidh an Biúró Idirnáisiúnta an fógra faoin modhnú. Beidh feidhm ag Airteagail 9 go 12 *mutatis mutandis*.

(b) I gcás ina mbaineann an modhnú leis na sonraí dá dtagraítear i Riail 5(3)(a), tá sé de cheart ag Údarás Inniúil Páirtí Chonarthaigh a thug an fógra faoi Riail 5(3), a dhearbhú nach féidir leis cosaint an ainmniúcháin tionscnaimh nó an táisc gheografaigh a áirithiú de dheasca an mhodhnaithe. Díreoidh an tÚdarás Inniúil sin an dearbhú chuig an mBiúró Idirnáisiúnta laistigh de thréimhse 1 bhliana ón dáta a gheobhaidh an Biúró Idirnáisiúnta an fógra faoin modhnú. Beidh feidhm ag Airteagail 9 go 12 *mutatis mutandis*.'

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Riail 18 (4), an chéad abairt (Cur i bhfeidhm Rialacha 9 go 12):

'I gcás ina mbaineann ceartú earráide leis an ainmniúchán tionscnaimh nó leis an tásc geografach, nó leis an earra nó leis na hearraí lena mbaineann an t-ainmniúchán tionscnaimh nó an tásc geografach, tá sé de cheart ag Údarás Inniúil Páirtí Chonarthaigh a dhearbhú nach féidir leis cosaint an ainmniúcháin tionscnaimh nó an táisc gheografaigh a áirithiú de dheasca an cheartaithe.'